# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Marcanna Iomlána: 300)

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 255 - 300 |
| B: | 210 - 254 |
| C: | 165 - 209 |
| D: | 120 - 164 |
| E: | 75 - 119 |
| F: | 30 - 74 |
| N.G.: | 0 - 29 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**

***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*

- *Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*

- *Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*

- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

## Scéim Mharcála na hArdteistiméireachta – Spáinnis – Ardleibhéal 2015

**1. Anuncio – UNA MÁQUINA EXPENDEDORA DE HUEVOS**

**(1+1+1) + (2+1) + (1+1+1) + (2+1) marc = 12 mharc**

a. **Trí cinn** díobh seo: bainne / (barraí) seacláid(e) / brioscáin / uisce / deochanna (boga). **(1+1+1mharc)**

b. Chun na huibheacha a dhíol díreach leis an bpobal, chun deireadh a chur le costais nach gá. **(2+1 mharc)**

c. Nuair a bhí sé ar saoire, in Torremolinos / sa Spáinn, ar an trá. **(1+1+1 mharc)**

d. (Táthar) á suiteáil i ngach cearn den Eoraip, tá siad ag teacht chuig an Spáinn an samhradh seo. **(2+1 mharc)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON AGATHA RUIZ DE LA PRADA, DISEÑADORA ESPAÑOLA**

**3+ (1+1+1) + (1+1+1) + 3 mharc = 12 mharc**

a. Teiripe mhaith i gcoinne míshonais, go háirithe i lár géarchéime eacnamaíche. **(3 mharc)**

b. **Trí cinn** díobh seo: Aonfhoirmeacht / easpa saoirse / neamhdhiongbháilteacht / dobrón/ easpa samhlaíochta. **(1+1+1mharc)**

c. **Trí cinn** díobh seo: bróga/ earraí tí / scaraoidí leaba / cúisíní / folúsghlantóirí / plocóidí. **(1+1+1 mharc)**

d. Go mbeidh gach duine ábalta a dearaí a aithint. **(3 mharc)**

**3. Diálogo – HABLANDO CON ANTONIO BANDERAS, ACTOR FAMOSO**

**(2+1) + (1+1) + (1+1+1) + 3 mharc = 11 mharc**

a. Bhí sé faoi dheachtóireacht (mhíleata) (ii) bhí fadhbanna ag a lán aisteoirí leis na póilíní. **(2+1 mharc)**

b. Toisc go raibh páistí aici bhí sé níos áisiúla don teaghlach. **(1+1 mharc)**

c. Is fuath leis mearbhia, airíonn sé bia na Spáinne uaidh, go háirithe paella / sliogiasc / bia mara. **(1+1+1 mharc)**

d. **Trí cinn** díobh seo: A lán ama a chaitheamh ar an tsráid, ag comhrá, ag dul ag siúl, ag dul amach le haghaidh béilí / ag ithe. **(3 mharc)**

**4. Descriptivo – FELIPE VI, REY DE ESPAÑA**

**2 + 2+ (1 + 1) + 4 mharc = 10 marc**

a. Thug Felipe VI / sé a chéad chuairt ar Seville ó fógraíodh é mar rí (na Spáinne). **(2 mharc)**

b. Grúpa de 300 mac léinn ar Mháistreacht Airgeadais. **(2 mharc)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: lámh a chroitheadh leis/ fáilte a chur roimhe/ labhairt leis. **(1+1 mharc)**

d. Tá sé (sách) dathúil; ní raibh duine ar bith ag iarraidh an seans a chailleadh chun *féinphic* nó grianghraf a ghlacadh mar chuimhneachán. **(4 mharc)**

**5. Descriptivo – LAS TAPAS**

**(1+1+1) + 2 + 3 + (1+1+1) marc = 11 mharc**

a. Is cuid thábhachtach de chultúr (bia) na Spáinne iad;
riartar iad (mar ghreadóg) i (bhformhór) na mbeár / na mbialann sa Spáinn,
le beoir / fíon. **(1+1+1 mharc)**

b. Chun blaiseadh a fháil de tapas/sneaiceanna éagsúla. **(2 mharc)**

c. Ní bhíonn táblaí ar bith ann, baineann daoine sult as a tapas agus iad ina seasamh le taobh an bheáir / ag an mbeár áit a bhfuil na tapas éagsúla. **(3 mharc)**

d. Dul amach le haghaidh tapas, dul ag gníomhaíochtaí sóisialta, scíth a ligean ón ngnáthamh laethúil. **(1+1+1 mharc)**

**6. El tiempo**

**(1+2) + (1+1) + (1+2) + 4 mharc = 12 mharc**

a. Ceathanna nó stoirmeacha scoite (féideartha). **(1+2 mharc)**
[scoite = 0m]

b. Glan(spéartha) agus beidh an ghrian ag taitneamh. **(1+1 mharc)**

c. Ní athróidh siad (mórán), gnáth(luachanna) don tráth seo bliana. **(1+2 mharc)**

d. (Aimsir) chobhsaí, gaotha anoir, roinnt scamall (i dtuaisceart na n-oileán). **(4 mharc)**
[roinnt = 0m]

**7. Una Noticia – PROTESTAS CONTRA EL TURISMO DE BORRACHERA EN BARCELONA**

**4 + (1+1+1) + 3 + 2 mharc = 12 mharc**

a. Bhí mórshiúl agóide ann / rinne 2000 míle duine (agóid), i gcoinne leathnú (neamhdhlíthiúil) na n-árasán do thurasóirí i gceantar na trá (in Barceloneta). **(4 mharc)**

b. **Trí cinn** díobh seo: D'fhág sé (ábhairín i ndiaidh) 6 (pm) / ó chearnóg (Bosca) in Barceloneta / i dtreo halla an bhaile / Bhí páistí ag iompar plaiceard ar thús an mhórshiúil. **(1+1+1 mharc)**

c. Iompraíocht fhrithshóisialta na dturasóirí agus na beáir agus na clubanna á bhfágáil acu go luath ar maidin agus bíonn sé deacair do dhaoine scíth a ligean dá bharr. **(3 mharc)**

d. Tá siad ag iarraidh ar na daoine áitiúla an ceantar a fháil ar ais ó na hóltóirí ragúis. **(2 mharc)**

**12 + 12 + 11 + 10 + 11 + 12 + 12 = 80 marc**

**1. (a) Litríocht Dualgais – *Sin noticias de Gurb*** **(50 marc)**

**C. 1 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *abono (la cuenta)* **(3 mharc)**
(b*) habitar en barrios* **(3 mharc)**
(c) *se divierten más* **(3 mharc)**

**C. 2 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) ... ag siúl na sráideanna. **(3 mharc)**
(b) … dá dtugann siad (daoine) tábhacht mhór. **(3 mharc)**
(c) Dubh dóite ag siúl thart ar an long spáis,.. **(3 mharc)**

**C. 3 4 + 3 + 3 =** 10 marc

Íocann sé an bille sa bhialann. **(4+3+3 mharc)**
Fágann sé aisce [2] 100 milliún
Ceannaíonn sé 'bróga' nua (scíonna)

**C. 4 4 + 3 + 3 =** 10 marc

**Aon 3 cinn** díobh seo: **(4+3+3 mharc)**

Ní íocann daoine saibhre
Íocann daoine bochta lear mór
Maireann daoine saibhre níos faide agus níos fearr ná daoine bochta
Tá daoine saibhre níos airde / níos sláintiúla agus níos dathúla.
Baineann siad níos mó suilt as an saol
Taistilíonn siad go dtí áiteanna andúchasacha
Faigheann siad oideachas níos fearr
Oibríonn siad níos lú
Bíonn sócúlacht thart orthu gach uile áit
Bíonn níos mó éadaí acu
Tugtar aire níos fearr dóibh nuair a bhíonn siad tinn
Cuirtear iad le taispeántais níos mó
Coinnítear cuimhne orthu níos faide
Tá seans níos fearr ann go bhfeicfear i nuachtáin nó in irisí iad.

**C.5 4 + 4 + 4 =12 mharc as aon trí phointe ábhartha**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta (50 marc)**

**IMPORTANCIA DEL APRENDIZAJE DEL INGLÉS EN ESPAÑA.**

**C. 1 4 mharc × 5 = 20 marc**

(a) Chomh tábhachtach is atá sé an Béarla a fhoghlaim don saol.
[Bhí sé luachmhar i gcónaí teangacha a fhoghlaim = 2m] **(4 mharc)**

(b) **Dhá cheann** díobh seo: an óige a ullmhú (ar an dóigh is fearr) don mhargadh saothair / lucht saothair
(sa chéad seo),
tá an saol gnó á idirnascadh agus á dhomhandú níos mó agus níos mó,
is é cumas sa Bhéarla an chéad scil a bhíonn á iarraidh ag cuideachta. **(2+2 mharc)**

(c) Bheadh uirthi cruinnithe a bheith aici i mBéarla le hoibrithe ó thíortha eile. **(4 mharc)**

(d) Cuireann siad tuiscint chun cinn ní amháin ar theanga ach ar shaol / ar chultúr na dtíortha sin chomh maith. **(4 mharc)**

(e) Tá na chéad ghlúine eile ag tosú ag cur feabhais ar a líofacht i mBéarla diaidh ar ndiaidh. **(4 mharc)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *más de una vez* **(4 mharc)**
(b) *asegura* **(4 mharc)**
(c) *fuera* **(4 mharc)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) … nuair atáimid níos sine agus níos aibí **(4 mharc)**
(b) … a bhfuil aiféala uirthi nach ndearna sí níos mó staidéir **(4 mharc)**
(c) Is í an Spáinn an tír a chuireann an líon is mó mic léinn Erasmus **(4 mharc)**

**C.4 6 mharc**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh ar an gceist seo]

**2.** **(a)** agus **(b) 4 + 3 + (2 + 2) + 2 + (2 + 2) + 3 = 20**

**(a) LOS PEATONES MAYORES DE 65 AÑOS, LOS DE MAYOR RIESGO MORTAL EN ACCIDENTES DE TRÁFICO** **(11 mharc)**

(i) Tá an baol is mó ann go bhfaighidís bás i dtimpistí cairr / tráchta. **(4 mharc)**

(ii) **Ceann amháin** díobh seo: (an gá le húsáid) éadaí frithchaiteacha (a spreagadh) /
ba chóir go mbeadh córais i gcairr lenar féidir coisithe a bhrath. **(3 mharc)**

(iii) **Dhá cheann** díobh seo: (tiománaithe) ar seachrán
nach bhfuil meas acu ar shoilse tráchta
nach dtugann aird ar bhealaí trasna. **(2+2 mharc)**

.

**(b) BILBAO MANTENDRÁ LAS LUCES HASTA QUE ACABEN LOS MUNDIALES.** **(9 marc)**

(i) Nuair a bheidh an turnaimint / na cluichí (cispheile) thart. **(2 mharc)**

(ii) (a) Is é Gremaca an chuideachta a bhí i gceannas ar shoilse na Nollag le 45 bliana anuas.

(b) Íocfaidh sé as na costais. **(2+2 mharc)**

(iii) Súil go gcaithfidh na turasóirí agus na daoine áitiúla araon a gcuid airgid [2]
sna siopaí agus go rachaidh siad go dtí (áiteanna suí amuigh) na mbeár [1m] **(3 mharc)**

## ROINN B

**¿LLEGÓ EL FIN DE LA TRACIONAL SIESTA EN ESPAÑA?** **(100 marc)**

**C. 1 3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a*) también en la población (no religiosa)* **(3 mharc)**
(b) *(nos) libra de tensiones* **(3 mharc)**
(c) *poco a poco* **(3 mharc)**
(d) *empleados* **(3 mharc)**
(e) *se posiciona en contra* **(3 mharc)**

**C. 2 5 mharc × 3 = 15 mharc**
(a) ...chun scíth a ligean agus a n-anáil a tharraingt / chun a sláinte / a bhfuinneamh a fháil ar ais **(5 mharc)**
(b) ...leanann (siad) de bhealaí a chuardach lena mbeatha a shaothrú. **(5 mharc)**
(c) ...cuirfidh na dálaí / cúinsí eacnamaíocha reatha deireadh leis an siesta. **(5 mharc)**

**C. 3 1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní tugtar marcanna as focail bhreise.
(a) *el mediodía* **(1 mharc)**
(b) *diferente* **(1 mharc)**
(c) *comercios* **(1 mharc)**
(d) *aplicar* **(1 mharc)**
(e) *costumbre* **(1 mharc)**

**C. 4 (2+2+2 mharc) + (2+2+1 mharc) + (2+2 mharc) = 15 mharc**

(a) **Trí cinn** díobh seo:
- Tá sé sláintiúil / feabhsaíonn sé an tsláinte (ghinearálta) / cuireann easpa codlata an tsláinte i gcontúirt
- laghdaíonn siad siúd a chodlaíonn 2 uair níos lú ná an meán a n-ionchas saoil
- maolaíonn sé strus / scaoileann sé teannas
- tá sé maith don chuimhne agus d'fhoghlaim. **(2+2+2 mharc)**

(b) Laghdaigh sé costais na nithe seo a leanas:
leictreachas
uisce
seirbhísí lónadóireachta/ceaintín. **(2+2+1 mharc)**

(c) **Dhá cheann** díobh seo:
ní fheiceann (Cumann na d)Tuismitheoirí
buntáistí ar bith do mhic léinn
deir siad go mbeadh orthu duine éigin a chuardach chun aire a thabhairt do na páistí
deir siad nach bhfuil de dhíth ar an rialtas ach airgead a choigilt /
(ar) leictreachas / deontais do bhéilí. **(2+2 mharc)**

**ROINN B Ceist 5　　　　IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Marcáil C.5 (Ceist Nasctha)

1. **ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

**BARR**
Ardleibhéal comhleanúnachais
Argóinteacht shoiléir
An aidhm chumarsáide comhlíonta
Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann **18 – 25 marc**

**LÁR**
Leibhéal réasúnta comhleanúnachais
Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise
An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór
Roinnt ábhair neamhábhartha **9 – 17 marc**

**BUN**
Easpa comhleanúnachais
Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint
Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide
Cuid mhór ábhair neamhábhartha **0 – 8 marc**

2. **TEANGA** **25 marc**

**BARR**
Spáinnis nádúrtha
Leibhéal maith sa stór focal
Gan mórán dearmaid ghramadaí/litrithe
Úsáid cheart na n-aimsirí **18 – 25 marc**

**LÁR**
Stór focal measartha maith – leordhóthanach agus cuí ar an iomlán
Na briathra ceart ar an iomlán
Gan an iomarca dearmaid litrithe/ghramadaí **9 – 17 marc**

**BUN**
Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh stór focal
Formhór na mbriathra mícheart
Cuid mhór dearmaid litrithe **0 – 8 marc**

**Tabhair ar aird:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

## ROINN C

***IOMLÁN NA MARCANNA: 50***

*Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin.***

Ceist 1: Agus an Cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a) COMHRÁ A CHUMADH 30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6 = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b) LITIR / RÍOMHPHOST 30 marc**

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann.
*[Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe forbartha agus leathnaithe.*
*Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.*
*Ba chóir* ***cúig*** *phointe a dhéanamh ar fad.*
*Treoirlínte mar Cheist 1 (a).]* **(5 x 6 = 30 marc)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar)**

| | |
|---|---|
| 6 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| 4 - 5 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| 2 - 3 mharc: | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| 1 mharc: | Chuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| 0 marc: | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.

**(4 x 5 = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **NÓTA** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc an ceann. **(4 x 5 = 20 marc)**

Tabhair ar aird: I C.2 (a) agus (b) ba chóir neamhaird a thabhairt ar **mhion-dearmaid** (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht'). **Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.**

**Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den táirgeadh scríbhneoireachta ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.**

**Nótaí Breise:**

1a) *Litir / R-phost:*

- Táthar ag súil le leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir/r-phost.
- Is féidir an litir/r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

Ba chóir gach pointe a leathnú amach agus a fhorbairt. Chun iomlán na marcanna a thuilleamh, ba chóir d'iarrthóirí ar a laghad dhá nó trí abairt a scríobh ar gach pointe.

**AGUISÍN A hAON**

**SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE**

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin ó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht fhisiciúil*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn A**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le Litríocht Dualgais C.1(a), 1;

agus le Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.
Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.
Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu trí shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.

Leathanach Bán